**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Biseach 2026

Beidh Biseach, irisleabhar Chumann Forbartha Chois Fharraige, á fhoilsiú arís i mbliana.
Má tá suim agatsa píosa a scríobh do Bhiseach na bliana seo, ba bhreá linn cloisteáil uait!

Má phós tú i 2025 nó má tá sé de rún agat pósadh i mbliana agus gur mhaith leat go mbeadh do phictiúr bainise san iris, seol chugainn iad!
Beidh fáilte mhór freisin roimh sheanphictiúirí.
Ba mhaith linn cloisteáil freisin ó dhaoine a raibh páistí acu i mbliana nó anuraidh le freagra na ceiste seo:
Cén cineál Cois Fharraige ar mhaith leat a fheiceáil do do pháiste?

Féadfaidh do fhreagra a bheith chomh fada nó chomh gearr agus is maith leat agus ba bhreá linn pictiúr de do pháistín freisin!
Bí i dteagmháil linn ag:
**biseach2026@gmail.com**

## Fáilte Romhat, A Rí an Domhnaigh Bheannaithe


Fáilte romhat, a Rí an Domhnaigh bheannaithe,
Lá breá aoibhinn cois bruach na farraige.
Fáilte romhat, a Réalt gheal na mara,
Lá breá aoibhinn d'fhonn Críost a agallamh.

Fáilte romhat, a Dhia na gil' 'sna gréine,
'Thug an lá dhúinn le grá 's le féile.
Fáilte romhat a Mhaighdean ghlórmhar ghléigeal,

## Buíochas leat, a Dhia

Buíochas leat, a Dhia, as ucht na híobartha seo.
Go líona sé ár gcroíthe le grásta.
Go raibh againn i gcónaí a shuaimhneas is a shíocháin.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)

Bíodh grá againn d'ár gcomharsain gach oíche 's lá,
Is grá againn do Íosa, ár Slánaitheoir,
Go gcanaimid le chéile an t-amhrán se oar neamh.
Moladh go deo le Dian a glóire. (x2)






# Paróiste An Spidéil
## An Ochtú Domhnach Déag A
1ú/2ú Lúnasa 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie
**Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00**
**Beidh an Oifig Dúnta Déardaoin 6/08/2026**

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éind, Spidéal*** | |
| Dé Domhnaigh | 2ú | 11.00r.n. | Pat Bán Ó Feinneadha, a bhean Sara & muintir na beirte<br>Delia Concannon | *Cré Dhubh*<br>*Baile Éamoinn* |
| Dé Luain | 3ú | 6.00i.n. | ***Aifreann Reilig an Choilligh*** | |
| Dé Céadaoin | 5ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Déardaoin | 6ú | 8.30r.n | | |
| Dé hAoine | 7ú | 10.00r.n. | | |
| Dé Domhnaigh | 9ú | 11:00r.n. | Noel Ó Droighneáin **16ú Cuimhneacháin**<br>Larry Ó Curraoin **Dara Cuimhneachán**<br>Finian Ó Conláin & a mhuintir | *Seanamhoinín*<br>*Páirc Thoir*<br>*Baile an tSagairt* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** | |
| Dé Sathairn | 1ú | 6:30i.n. | | |
| Dé Sathairn | 8ú | 6:30i.n. | Stiofán & Bríd Uí Churraoin & mac Beachla | *Ros a'Mhíl* |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** | |
| Dé Domhnaigh | 2ú | 9:30am | *Missa Pro Populo* | |
| Dé Domhnaigh | 9ú | 9:30am | | |



**An Iontróid** – Sm 69:2, 6
Crom chugam, le cúnamh, a Dhia; brostaigh, a Thiarna, le cabhair dom. Is tú mo chúntóir agus m'fhuascailteoir; a Thiarna, ná déan moill.

**Na DeasghnáthaTosaigh**
In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. **Amen.**

Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.
**Agus le do spiorad féin.**

**Gníomh Aithrí**

*A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.*
**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**trí mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**
*Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacaí dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn*. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**An Chomhurnaí**
Bí láimh le do chlann, a Thiarna, agus bronn d'fhabhar buan orthu siúd a iarrann aisce ort, ionas, an mhuintir a mhaíonn as tú a bheith mar údar agus mar threoraí acu, go ndéanfaidh tú ar chruthaigh tú a athnuachan agus a bhfuil athnuaite a chumhdach dóibh. Trínár dTiarna Íosa Críost, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Leabhar Íságia fáidh (55:1-3)*
Seo mar a deir an Tiarna:
Éistigí, tagaigí chuig an tobar,
sibhse a bhfuil tart oraibh;
fiú mura bhfuil airgead agaibh, tagaigí!
Ceannaígí cruithneacht gan íoc uirthi
agus fíon agus bainne chomh maith.
Tuige a gcaitheann sibh airgead ar rud nach arán é,
bhur bpáighe ar rud nach sásaíonn?
Éistigí, éistigí liomsa, agus beidh solamar agaibh
agus gheobhaidh sibh sásamh ar thogha na beatha.
Tugaigí aird ormsa agus tagaigí chugam;
éistigí, agus mairfidh bhur n-anamacha.
Déanfaidh mé conradh buan libh
de réir na ngrástaí a gealladh do Dháibhí.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia**

**Salm le Freagra** (*Salm 144)*

**Fr:** *Osclaíonn tú do lámh, a Thiarna,*
*agus fuasclaíonn tú muid.*

(1) Tá an Tiarna ceansa trócaireach,
foighdeach agus lán le cineáltas.
Tá sé go maith do chuile ní,
agus tá sé trócaireach dá chuid oibreacha uileag. *(Fr.)*

(2) Bíonn súile na ndaoine ag súil leat, a Thiarna, agus tugann tú bia dóibh in am trátha.
Osclaíonn tú do lámh,
agus sásaíonn tú a bhfuil beo le do chineáltas. *(Fr.)*

(3) Tá an Tiarna fíréanta ina shlite uileag
agus naofa ina chuid oibreacha uileag.
Tá an Tiarna i ngar dá nglaonn air,
dá nglaonn air go fírinneach. *(Fr.)*

**An Dara Léacht** *Rómh. 8:35, 37-39*
*Sliocht as Litir N. Pól chuig na Rómhánaigh*
A phobail, cé a scarfaidh ó ghrá Chríost muid? Trioblóid an ea? Nó cruatan nó géarleanúint, nó gorta nó nochtacht, nó guais, nó an claíomh féin? Ach sna cúrsaí seo go léir, faigheann muid an bua go caithréimeach le cabhair an té úd a thug grá dúinn. Mar tá mé cinnte dearfa de nach bhféadfaidh bás ná beatha, aingle ná prionsaí ná cumhachtaí, nithe atá ann anois ná nithe atá le tíocht an domhan thuas ná an domhan thíos, ná dúil chruthaithe ar bith eile muid a scaradh ó ghrá Dé atá faighte againn in Íosa Críost ár dTiarna.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia**

**Alleluia, alleluia!**
Athair ár dTiarna Íosa Críost, go n-osclaí sé ár n-aigne le go dtuigfeadh muid cén t-údar dóchais dúinn ár ngairm ag Dia.
**Alleluia!**

**An Soiscéal** *(Matha 14:13-21)*
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Nuair a chuala Íosa faoi bhás Eoin, chuaigh sé i leataobh i mbád go dtí áit uaigneach faoi leith. Ach chuala na sluaite faoi agus tháinig siad amach as na cathracha agus lean siad é de shiúl a gcos. Nuair a tháinig sé i dtír, chonaic sé slua mór agus ghlac sé trua dóibh agus leigheas sé na hothair a bhí leo.
Nuair a tháinig an tráthnóna, áfach, tháinig na deisceabail chuige agus dúirt siad: "Áit uaigneach í seo agus tá sé deireanach feasta. Mar sin, scaoil uait na sluaite le go ngabhfaidh siad isteach sna bailte le bia a cheannacht dóibh féin." Ach dúirt Íosa leo: "Níl aon chall dóibh imeacht, tugadh sibhse rud le n-ithe dóibh." "Ach," ar siadsan leis, "níl anseo againne ach cúig bhuilín agus dhá iasc." "Tugaigí chugam anseo iad," ar seisean. D'ordaigh sé do na sluaite luí fúthu ar an bhféar, thóg sé na cúig bhuilín agus an dá iasc, agus tar éis breathnú suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh, bhris agus thug na builíní do na deisceabail, agus thug na deisceabail do na sluaite iad. D'ith siad uileag agus bhí siad sách, agus thóg siad suas an bruscar fuílligh, lán dhá chiseán déag. Timpeall ar chúig mhíle fear a fuair an béile, gan mná ná páistí a áireamh.
*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost**

## *Liotúirge na hEocairiste*

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.

**Os Cionn na nOfrálacha** *(Seasann)*
Beannaigh go grástúil, impímid ort, a Thiarna, na bronntanais seo agus, tar éis glacadh le hofráil na habhlainnne spioradálta, déan dínne tabhartas foirfe síoraí duit féin. Trí

**An Deasghnáth Deiridh**
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh,
Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíochháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**

**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

## Scéal, Scéal, Scéal...

Foilsíonn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga
nuachtlitir, saor in aisce, ar líne chuile Dhéardaoin @ 8.00:
*Scéal, Scéal, Scéal...*
Nuacht, scéilíní, fógraí agus eolas faoi cheantar Chois Fharraige a bhíonn ann.
Seol do sheoladh ríomhphoist chuig
**optchoisfharraige@gmail.com**
agus cuirfear leis an liosta thú.
Nó tabhair cuairt ar
**https://coisfharraige.ie/pleanail-teanga/nuaiocht/**



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach**
**@ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***